








NCCA


An Chomhairle Náisiúnta
Cúracláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Gluais de théarmaí matamaitice le tacú le Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Téarma	Léaráid, sainmhíniú, míniú, sampla
abacas	<p>Cuidíonn sé seo le ríomhanna a dhéanamh trí choirníní a bhogadh thar slata.</p> 
ábhar bunaithe ar bhonn a deich	<p>Úsáidtear na hábhair seo chun ionadluach agus toirt a theagasc. Bíonn deich gciúb bheaga i slat amháin, deich slat i bplána amháin, agus deich bplána i mbloc amháin.</p> 
achar	<p>Is é seo an méid plána a ghlacann cruth 2T agus úsáidtear aonaid chearnacha chun é a thomhas.</p> 
ainmneoir	<p>Is é seo an uimhir faoin líne i gcodán.</p> 
airmheán	<p>Is é sin an luach láir (nó dhá luach) atá ag tacar sonraí atá eagraithe in ord.</p>


	<p>Sampla: Athraíonn 18, 3, 7, 8, 16, 2, 3 go 2, 3, 3, <u>7</u>, 8, 16, 18 agus is é 7 an t-airmheán.</p> <p>Athraíonn -16, 2, -7, 2, 23, -9, 100, 0 go -16, -9, -7, <u>0</u>, <u>2</u>, 2, 23, 100.</p> <p>$(0+2) \div 2 = 1$</p>
ais na siméadrachta	<p>Is líne í seo a tharraingítear trí fhíor phlánach, ionas gur féidir leath amháin den chruth a fhilleadh thar an líne seo agus bheadh an dá thaobh ar an méad agus an chruth ceannann céanna. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná ais na siméadrachta amháin ag cruth.</p> 
algartam	<p>Is gnás céim ar chéim é seo trína bhfaightear an réiteach ar fhadhb ar leith.</p> <p>Is samplaí iad iolrú agus roinnt uimhreacha ar an dóigh a n-úsáidimid algartaim chun réitigh a fháil ar bhealach éifeachtach.</p>
ár	<p>Is aonad achair é seo atá cothrom le 100 méadar cearnach.</p> <p>1 ár = 100 méadar cearnach (100m²)</p>
athghrúpáil / athainmniú	<p>Tagraíonn sé seo don phróiseas ina n-athchumraítear figiúr (.i. uimhir) chuig a coibhéis ach i bhfoirm dhifriúil.</p> <p>Sampla: Féadfar 372 a athghrúpáil/athainmniú mar 36 deich agus 12 aonad. $1\text{ m } 11\text{ cm} = 1\frac{11}{100}\text{ m} = 1.11\text{ m}$</p> <p>Tabhair faoi deara: Úsáidtear athghrúpáil/athainmniú nuair atá suim na n-uimhreacha ar cholún ar leith níos mó ná 9. Úsáidtear athghrúpáil/athainmniú sa dealú má ná aon cheann de na digití san uimhir níos mó ná níos lú ná aon cheann de na digití san uimhir níos lú.</p>
athróg	<p>Is siombail í seo a úsáidtear chun luach a chur in iúl i slonn ailgéabrach.</p> <p>Sampla: $y + 7 = 12$. $y = 5$</p>
ball	<p>Is cuid de thacar é seo.</p> <p>Sampla: $A = \{\text{madra, cuisneoir, 17, Learpholl}\}$. Tá ceithre bhall i dtacar A; tá madra ar cheann de na baill sin.</p>
barrachairt	<p>Is léaráid í seo a úsáidtear chun sonraí a thaispeáint i mbarraí dronuilleogacha. Úsáidtear í chun faisnéis a achoimriú agus a</p>

thaispeáint i léaráid. Go hiondúil, ba cheart go bhfágfaí spás idir na colúin.



barragraf líneach

Is bealach é seo le sonraí a thaispeáint agus a chur i gcomparáid lena chéile ag úsáid línte cothrománacha nó ceartingearacha. Is barrachairt é seo ach úsáidtear línte díreacha in áit barraí.



blocghraf

Is bealach é seo le tús eolais ar shonraí scoite (ar leith) a chur in iúl, ina seasann cearnóg ar leith do gach ball den daonra. Go hiondúil, ba cheart go bhfágfaí spás idir na colúin.

bord aistrithe


Is gléas simplí é seo a chuidíonn le tuiscint choincheapúil páistí ar an suimiú agus an dealú.




tens	units



brabús



Is é seo an tomhas gnóthachain in idirbheart airgeadais.








bunuímhír	Is é seo líon na mball i dtacar. Úsáidtear an tsiombail # lena léiriú. Sampla: $W = \{3,45, 17, \text{béar}, z\}$ # $W = 5C$						
ceathairshleasán	Is cruth é seo a bhfuil ceithre shlios air. Sampla: Is cruth ceathairshleasach é rombas agus tá gach ceann dá shleasa ar comhfhad.						
cileagram	Is é seo an t-aonad a úsáidtear le mais a chur in iúl (1,000 gram) $1 \text{ kg} = 1,000\text{g}$						
clár nodaireachta	Úsáidtear é seo le foghlaim faoi ionadluach. <table border="1" data-bbox="528 667 948 806"> <tr> <td>céadta</td> <td>deicheanna</td> <td>aonaid</td> </tr> <tr> <td></td> <td></td> <td></td> </tr> </table>	céadta	deicheanna	aonaid			
céadta	deicheanna	aonaid					
clog analógach	Is clog é seo ar a gcuirtear uaireanta, nóiméid agus soicind uaireanta in iúl le snáthaidí ar aghaidh cloig. 						
coibhéiseach	Ciallaíonn sé seo go bhfuil an luach céanna ag uimhreacha. Sampla: tá $\frac{1}{2}$, 0.5, agus 50% coibhéiseach lena chéile.						
cóimheas	Is comparáid idir dhá chainníocht nó níos mó é seo. Sampla: Nuair atá coincréit á déanamh measctar 9 gcuid ghairbhéil le 2 chuid suiminte. Is é 9:2 an cóimheas idir an gairbhéal agus an tsuimint						
cómhalartach	Is airí d'oibríochtaí uimhris suimithe agus iolraithe é seo. Nuair a dhéantar suimiú, $1 + 2 = 2 + 1$, .i. oibríonn sé an bealach céanna beag beann ar shlí na n-uimhreacha, tá sé cómhalartach. Ní oibríonn sé an dá bhealach le dealú ná le roinnt, m.sh. $6-7 \neq 7-6$.						
comhbhaill uimhreach	Ciallaíonn sé seo an meascán bealaí ar féidir uimhir ar leith a dhéanamh. Sampla: Féadfar an uimhir 4 a dhéanamh le haon cheann de na meascáin seo: $1 + 1 + 1 + 1$, $2 + 2$, $3 + 1$, $1 + 3$, etc.						
comhchosúil	Is cruthanna 2T iad seo atá díreach cosúil lena chéile ar gach bealach seachas a méid.						






	<p>Sampla: triantáin chomhchosúla</p>
<p>comhionann</p>	<p>Is cruthanna 2T iad seo a bhfuil na hairíonna céanna acu agus atá ar an méid, cruth agus ar an uillinn cheannann chéanna.</p> 
<p>comhlántach</p>	<p>Is cineál dealaithe é seo.</p> <p>Sampla: Tá 10 ngreamán i dtacar. Tá 4 cinn agam. Cé mhéad eile a theastaíonn uaim chun tacar iomlán a dhéanamh?</p>
<p>comhlánú tacair</p>	<p>Is iad sin na baill nach bhfuil sa tacar.</p> <p>Sampla: Is é seo tacar $P = [1, 2, 3]$ agus comhlánú tacar $P' = [4, 5]$</p> 
<p>comhordanáidí</p>	<p>Is iad seo an péire uimhreacha a úsáidtear chun pointí a aimsiú ar an bplána. Is dromchla cothrom é an plána, agus tugtar plána Cairtéiseach air freisin. Taispeántar roinnt pointí sna ceathre cheathrú den phlána Cairtéiseach.</p> 
<p>comhréir dhíreach</p>	<p>Tarlaíonn sé seo nuair atá dhá thacar ceangailte le h-íolraitheoir leanúnach.</p> <p>Sampla: $A = \{12, 24, 36\}$ $B = \{3, 6, 9\}$. Tá Tacar A i gcomhréir dhíreach le tacar B agus is é 4 an t-íolraitheoir leanúnach.</p>
<p>comhthiomsaitheacht</p>	<p>Is airí oibríochtaí uimhris é seo. Baineann tábhacht leis an ord ina dtugtar faoi na hoibríochtaí.</p> <p>Bíonn an t-íolrú comhthiomsaitheach: $(12 \times 3) \times 6 = 12 \times (3 \times 6)$ Níl an roinnt comhthiomsaitheach $(12 \div 3) \div 6 \neq 12 \div (3 \div 6)$.</p>




<p>comhthreomhar</p>	<p>Tagraíonn sé seo do líne atá ag fad cothrom ó líne eile agus ní thrasnóidh siad a chéile choíche.</p> 
<p>cothromóid</p>	<p>Is ráiteas matamaitice í seo a úsáideann siombailí, lena n-áirítear an comhartha cothroime.</p> <p>Sampla: $2b + 4c = 34$</p>
<p>Criathar Earatastainéas</p>	<p>Is bealach é seo le huimhreacha príomha a shainiú agus a thairneadh. Ag úsáid 100-chearnóg, scagann criathar Earatastainéas uimhreacha ilchodacha agus fágfar uimhreacha príomha ina ndiaidh.</p> 
<p>cumhacht</p>	<p>Tagraíonn sé seo don líon uaireanta a iolraíodh an uimhir fúithi féin. Tugtar an t-innéacs air freisin.</p> <p>Sampla: $3^4 = 3 \times 3 \times 3 \times 3 = 81$</p>
<p>dáileach</p>	<p>Is airí d'oibríochtaí uimhris é seo. Déanann sé cur síos ar an mbealach ar féidir dhá oibrítheoir a úsáid lena chéile nuair atá siad nasctha ar bhealach éigin. Ní oibríonn sé i gcónaí.</p> <p>Sampla: $5(4+3) = 5(7) = 35$ agus tá sé SIN cothrom le $5(4) + 5(3) = 20 + 15 = 35$, .i. tá an t-iolrú dáileach thar an suimiú.</p> <p>$5(20 \div 5) = 5(4) = 20 \neq 5(20) \div 5(5) = 100 \div 25 = 4$, mar sin, níl an t-iolrú dáileach thar an roinnt.</p>
<p>déaduchtú</p>	<p>Is cineál dealaithe é seo.</p> <p>Sampla: Tá 10 milseán agam, d'ith mé 3 cinn. Cé mhéad atá fágtha agam?</p>
<p>dealann</p>	<p>Is é seo an uimhir a bhaintear ón uimhir eile.</p> <p>Sampla: $10 - 4$ (is é 4 an dealann).</p>




dealú	<p>Is oibríocht sa Mhatamaitic é seo ina bhfaightear an difríocht idir dhá uimhir (féach: difríocht).</p> <p>Samplaí: $21 - 13 = 8$; $-12 - 4 = -16$; $63 - (-12) = 63 + 12 = 75$.</p>															
deimhneach	<p>Tagraíonn sé seo d'uimhir atá níos mó ná náid.</p> <p>Sampla: 2, $5\frac{1}{2}$, 7.09, 16</p>															
difríocht	<p>Ciallaíonn sé seo dealú.</p> <p>Sampla: Is ionann é sin agus an difríocht idir dhá uimhir, cuir i gcás 22 agus 17, $22 - 17 = 5$. Is é 5 an difríocht.</p>															
digit	<p>Is iad sin na siombailí aonair a úsáidtear chun figiúir (.i. uimhreacha) a thógáil i gcóras uimhriúil.</p> <p>Sampla: 0, 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, agus 9.</p>															
diúltach	<p>Is airí uimhreach é seo agus tagraítear dó mar chomhartha na huimhreach go minic. Tá uimhir dhiúltach níos lú ná náid (féach: lúide)</p> <p>Sampla: -20</p>															
dóchúlacht	<p>Is é seo staidéar an tseans; athraíonn a luach idir 0 agus 1.</p> <p>Sampla: Is é an dóchúlacht a bhaineann le bonn ag titim ar an gceann = 0.5</p>															
dronuillinn	<p>Is uillinn 90° í seo.</p> 															
Éadan	<p>Ceann de na dromchlaí plána atá ag polaihéadrán.</p> <p>Sampla: Bíonn sé éadan ag ciúb.</p> 															
eagar	<p>Is cnuasach rudaí (uimhreacha de ghnáth) i rónna agus colúin é seo.</p> <table style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <tr><td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td></tr> <tr><td>2</td><td>4</td><td>6</td><td>8</td><td>10</td></tr> <tr><td>3</td><td>6</td><td>9</td><td>12</td><td>15</td></tr> </table>	1	2	3	4	5	2	4	6	8	10	3	6	9	12	15
1	2	3	4	5												
2	4	6	8	10												
3	6	9	12	15												
eangach	<p>Is plean rud 3T é seo.</p>															




	Sampla: Ciúb leis an eangach taobh leis.
easpóntúil	Is slonn é seo ina n-íolraítear uimhir i gcumhacht uimhreach eile. Tugtar an t-easpóntant ar an gcumhacht (féach: cumhacht). Samplaí: 6^2 , 8^3
fachtóir	Is slánuimhir nó slonn é seo ar féidir uimhir eile a roinnt go cothrom leis. Sampla: Tá ocht bhfachtóir ag 24 lena n-áirítear an uimhir féin agus a haon: 1,2,3,4,6,8,12,24. Bíonn dhá fhachtóir glan ag uimhreacha príomha amhail 7, 11, agus 23.
fachtóir coiteann	Is uimhir í seo ar féidir uimhir eile a roinnt go cothrom léi. (Féach: fachtóir) Samplaí: Tá na fachtóirí 1,2,4,8 agus 16 ag 16 Tá na fachtóirí 1,2,4,5,10 agus 20 ag 20 Tá na fachtóirí 1,2,3,4,6,9,12,18 agus 36 ag 36 Is iad 1,2 agus 4 na fachtóirí coiteanna agus is é 4 an fachtóir coiteann is airde.
fiarlínte	Is línte iad seo nach bhfuil comhthreomhar ná ingearach. Chruthóidís géaruillinn nó maoluillinn dá dtrasnóidís a chéile. 
fíor phlánach	Is cruth 2T í seo. 
foirm leathnaithe	Is é seo nuair a scríobhtar luach gach digite i bhfigiúr (.i. uimhir) amach ina hiomláine. Sampla: $246 = 2 \text{ chéad} + 4 \text{ dheich} + 6 \text{ aonad}$ nó $200 + 40 + 6$
foirmle	Is bealach simplí é seo chun faisnéis a chur in iúl le siombailí. Sampla: Achar triantáin ($\frac{1}{2} \times \text{bonn} \times \text{airde}$) = $\frac{1}{2}ba$






<p>fothacar</p>	<p>Is tacar é seo a bhfuil roinnt ball nó baill uile tacar eile ann. Is fothacar de gach fothacar é an tacar neamhnitheach.</p> <p>Sampla: Tacar A= {Ciarraí, Tír Eoghain, Baile Átha Cliath, Gaillimh}, is fothacar é K de A, agus d'fhéadfadh K= {Ciarraí, Tír Eoghain, Gaillimh}.</p>
<p>an fachtóir coiteann is airde</p>	<p>Is é seo an tslánuimhir is mó a roinntear dhá shlánuimhir eile nó níos mó léi (féach: fachtóir coiteann).</p> <p>Sampla: is é 4 an fachtóir coiteann is airde atá ag 16, 28 agus 36</p>
<p>fréamh chearnach</p>	<p>Tagraíonn sé seo d'uimhir agus nuair a iolraítear an uimhir faoin uimhir féin faightear an chéad uimhir.</p> <p>Samplaí: $\sqrt{11} = 11 \times 11$ $\sqrt{16} = 4, 4 \times 4 = 16$</p>
<p>ga</p>	<p>Is líne é seo a cheanglaíonn lárphointe chiorcail le himeall an chiorcail. Tá sé cothrom le leath an trastomhais ar fad.</p> 
<p>géaruillinn</p>	<p>Is uillinn í seo atá níos mó ná 0° ach níos lú ná 90°.</p> 
<p>geochlár</p>	<p>Úsáidtear é seo chun foghlaim faoi chomhordanáidí agus chun cruthanna 2T a dhéanamh ag úsáid bandaí leaisteacha.</p> 
<p>geostiallacha</p>	<p>Úsáidtear iad seo chun cruthanna 2T a thógáil.</p>



	
heicseagán	<p>Is polagán é seo a bhfuil sé shlios air.</p> 
heicteár	<p>Is aonad achair é sin atá cothrom le 100 ár.</p> 
imeall	<p>Is pointe trasnaithe dhá dhromchla é seo; go háirithe, an líne dhíreach áit a mbuaileann dhá éadan polaihéadráin lena chéile.</p> 
imlíne	<p>Is é seo fad imill ciorcail.</p> 
imlíne	<p>Is í seo suim fhad na sleasa atá ar fhíor ná cruth.</p>

	
inbhéartach	<p>Ciallaíonn sé seo 'a mhalairt' i neart cásanna.</p> <p>Samplaí: Is é dealú inbhéartach suimithe. Is é inbhéartach suimiúcháin na huimhreach an uimhir a chuirtear léi chun náid a fháil. Is é 8 inbhéartach suimiúcháin -8. Is é inbhéartach iolraíoch na huimhreach an uimhir a iolraítear fúithi chun 1 a fháil. Is é 7/1 inbhéartach iolraíoch 7.</p>
ingearach	<p>Tagraíonn sé seo do dhá líne a bhuaileann lena chéile ag dronuillinneacha (90°).</p> <div style="display: flex; justify-content: space-around; align-items: center;">   </div>
iolraí	<p>Is é sin an próiseas nuair a chruthaítear uimhir trína hionúlú faoi uimhir eile.</p> <p>Sampla: Is iad 7, 14, 21, 28, 35, 42, srl., na hionraithe atá ag 7.</p>
an t-ionraí coiteann is lú	<p>Is é seo an uimhir is lú atá inroinnte go cothrom ar na hainmneoirí uile a thugtar. Is féidir é a fháil ach ionraithe na n-ainmneoirí a liostáil in ord méadaithe, go dtí go dtiocfar ar uimhir chomhchoiteann.</p> <p>Sampla: Má theastaíonn uainn an t-ionraí coiteann is lú atá ag 8, 9 agus 12 a fháil, ní mór dúinn a n-ionraithe a liostáil: 8, 16, 24, 32, 40, 48, 56, 64, 72, 80, 88, ... 9, 18, 27, 36, 45, 54, 63, 72, 81, 90, ... 12, 24, 36, 48, 60, 72, 84, 96, ...</p>
ionadchoinneálaí	<p>Is é seo an ról atá ag náid i gcóras luachionaid a ghabhann le huimhriú.</p> <p>Sampla: San fhiúir (.i. uimhir) 507, tá ionad na ndeiceanna ag 0 agus cuireann sé in iúl nach bhfuil aon deich san uimhir.</p>
ionadluach	<p>Tagraíonn sé seo do shuíomh digite i bhfiúir (.i. uimhir) agus socraíonn sé an luach atá leis.</p> <p>Mar shampla, d'fhéadfadh go léireodh '6' a sé, seasca, sé chéad, sé dheichiú, agus mar sin de, ag brath ar shuíomh na huimhreach san fhiúir (.i. uimhir). 6 60 600 0.6</p>
lascaine	<p>Is ionann é seo agus laghdú (mar chéatadán de ghnáth). Baineann sé seo le hairgead.</p>



	
léaráid tacair	Is í seo an íomhá is simplí de dhaonra agus é curtha in eagar de réir fothacar; cuirtear gach fothacar in iúl le réigiún iata (amhail ciorcal) le hainmneacha míreanna na mball aonair seachas ceann amháin.
leaschodán	Is codán é seo ina bhfuil an uimhir os cionn na líne (uimhreoír) níos mó ná an uimhir faoin líne (ainmneoir). Sampla: $5/3$
líon	Is é seo toradh na roinnte. Sampla: $24 / 8 = 3$
lítear	Is é seo an t-aonad a úsáidtear chun leachtanna a thomhas. 1 lítear = 1,000 ml
lúide	D'fhéadfadh go mbeadh sé seo ina oibríocht nó ina airí. Sampla: Is oibríocht é an lúide sa sampla seo $12 - 8 = 4$. Is airí é an lúide san uimhir -39 mar go ndéantar cur síos ar an uimhir mar thríocha a naoi diúltach nó lúide tríocha a naoi.
maol	Is uillinn í seo atá níos mó ná 90° ach níos lú ná 180° . <div style="text-align: center;">  </div>
meáchan	Is é seo an imtharraingt a bhíonn ag tarraingt ar rud.
meán	Is é seo an meán simplí atá ag tacar sonraí ar leith. Cuir i gcás, tá meán an tacair 8, 7, 12, 0, 3 le haimsiú againn. Agus is é sin $8+7+12+0+3 = 30 \div 5 = 6$
meastachán	Is neasúchán ar fhreagra é seo. <div style="text-align: center;">  </div>





millilítear	<p>Is míliú lítir é seo agus scríobhtar é mar 1 ml.</p> 								
milliméadar	<p>Is míliú méadair é seo agus scríobhtar é mar 1 mm.</p> 								
minicíocht	<p>Is é seo líon na n-uaireanta a tharlaíonn imeacht i dturgnamh. Is minic a dhéantar minicíochtaí a achoimriú i dtábla nó i histeagram.</p> <p>Sampla: tugtar anseo a leanas líon na gcúl a taifeadh i rith naoi gcluiche sacair a imríodh ar pháirc scoile: 0, 1, 1, 0, 2, 2, 0, 2, 0. D'fhéadfaí an fhaisnéis sin a achoimriú i dtábla minicíochta:</p> <table border="1" data-bbox="529 860 1198 969"> <tr> <td>Líon na gcúl</td> <td>0</td> <td>1</td> <td>2</td> </tr> <tr> <td>Minicíocht</td> <td>4</td> <td>2</td> <td>3</td> </tr> </table>	Líon na gcúl	0	1	2	Minicíocht	4	2	3
Líon na gcúl	0	1	2						
Minicíocht	4	2	3						
minicíocht choibhneasta	<p>Is é seo líon na n-uaireanta a tharlaíonn imeacht agus an líon sin roinnte ar líon iomlán na dturgnamh.</p> <p>Sampla: Cé chomh minic a fhaightear 5 nuair a chaitear díse claonta fiche uair?</p>								
mírlíne	<p>Is cuid de líne í seo. Bíonn foircinn léi agus sainítear nó ainmnítear í dá réir. Léirítear an mhírlíne [kl].</p> 								
mód	<p>Is é seo an luach is coitianta atá le fáil i dtacar sonraí.</p> <p>Sampla: 12, 34, 25, 17, 34, 56, 12, 67, 43, 68, 93, 34, 33, 21, 25: is é 34 an mód.</p>								
móide	<p>Is oibríocht suimithe nó airí uimhreach é seo.</p> <p>Samplaí: Má táthar ag suimiú, $4 + 15 = 19$. Nó an uimhir móide a sé, +6, is féidir a scríobh mar 6.</p>								
neamhathraitheacht uimhris	<p>Ciallaíonn sé seo gur féidir uimhreacha a chomhaireamh in ord ar bith. Ní gá go mbeadh aonfhoirmeacht sa tacar.</p>								
ochtaihéadrán	<p>Is cruth 3T é seo a bhfuil ocht n-éadan air.</p>								




	
orduimhir	<p>Is uimhir í seo a chuireann suíomh coibhneasta i seicheamh in iúl.</p> <p><i>Sampla: an chéad, an dara, an tríú ...</i></p>
píchairt	<p>Is léaráid é seo i gcruth ciorcail nó diosca agus úsáidtear í chun sonraí a chur in iúl. Roinneadh na 360° atá ag diosca i gcoibhneas ina bpíosaí den phióg.</p> 
picteagram	<p>Is bealach é seo le sonraí discréideacha (ar leith) a chur in iúl, ina seasann íomhá nó deilbhín aonair a leagtar amach i rónna nó i gcolúin do gach ball den daonra.</p> 
polagán	<p>Is cruth 2T iata é seo nach bhfuil ach imill dhíreacha amháin air. Ní gá don chruth a bheith rialta.</p> 
polaihéadrán	<p>Is cruth 3T é seo nach bhfuil ach dromchlaí cothroma amháin air. Ní gá don chruth a bheith rialta.</p> 
priosma	<p>Is cruth é seo ar chruthaigh dhá pholagán é agus a bhfuil na polagáin sin díreach mar an gcéanna ag an dá cheann mhalartacha agus iad ceangailte le línte comhthreomhara.</p>






																					
rannann	<p>Is uimhir nó cainníocht atá le roinnt ar uimhir nó cainníocht eile é seo.</p> <p>Sampla: $24 \div 6 = 4$, is é 24 an rannann.</p>																				
raon	<p>Is é seo an difríocht idir an mhír is lú agus an mhír is mó i dtacar sonraí.</p> <p>Sampla: Tá raon ceathrair atá 160 cm, 155 cm, 180 cm agus 178 cm ar airde cothrom le $180 - 155 = 25$ cm</p>																				
Ráta malairte eachtrach	<p>Is é seo an luach atá ag airgeadra amháin i gcomparáid le hairgeadra eile.</p> <p>Sampla: Ráta malairte eachtrach. $\text{€}1.00 = \\$1.39$, mar sin, $\text{€}100 = \\$139$. $\\$2085 = 2085 \div 1.39 = \text{€}1500$</p>																				
ráta úis	<p>Is é seo an céatadán den tsuim iomlán a thuilltear ar infheistíocht nó a íoctar ar iasacht.</p> <p>Sampla: infheistíodh $\text{€}100$ i mbanc ar feadh bliain amháin agus tá ráta úis 10% leis; carnfar $\text{€}110$ faoi dheireadh na bliana sin.</p>																				
roinnteoir	<p>Is é seo an uimhir a dhéanann an roinnt.</p> <p>Sampla: $36 \div 9 = 4$, is é 9 an roinnteoir.</p>																				
roth landair	<p>Is uirlis é seo chun fad a thomhas trí líon na gliceanna a dhéanann an roth de réir mar a bhogann sé a chomhaireamh. Tá imlíne an rotha cothrom le meádar amháin.</p> <div style="text-align: center;">  </div>																				
scór	<p>Déantar é seo trí shraith stríoca aonair a thaifeadadh. Úsáidtear an cúigiú stríoc mar bharra ar na ceithre stríoca eile go hiondúil chun an comhaireamh a dhéanamh níos éasca.</p> <table border="1" style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <tbody> <tr> <td>1</td> <td> </td> <td>6</td> <td> </td> </tr> <tr> <td>2</td> <td> </td> <td>7</td> <td> </td> </tr> <tr> <td>3</td> <td> </td> <td>8</td> <td> </td> </tr> <tr> <td>4</td> <td> </td> <td>9</td> <td> </td> </tr> <tr> <td>5</td> <td> </td> <td>10</td> <td> </td> </tr> </tbody> </table>	1		6		2		7		3		8		4		9		5		10	
1		6																			
2		7																			
3		8																			
4		9																			
5		10																			



<p>seans</p>	<p>Is tomhas é seo a bhaineann le himeachtaí. Ní insíonn an seans duit cad é an chéad rud eile a tharlóidh, ach tuartar cad a tharlóidh go fadtréimhseach.</p> <p>Sampla: Caith pingin. Cé mhéad uair a fhaightear ceann nó cruit in 10, 20, 30 caitheamh? An mbeadh na torthaí mar an gcéanna dá ndéanfaí an turgnamh arís?</p>
<p>seicheamh</p>	<p>Is tacar uimhreacha é seo a scríobhtar in ord ar leith de réir rialach.</p> <p>Samplaí: 1, 2, 4, 8, 16, 32, 62... 1, 2, 3, 5, 8, 13, 21...</p>
<p>siméadracht líneach</p>	<p>Tarlaíonn sé seo nuair is féidir leath amháin de chruth a fhilleadh ar an taobh eile den chruth chun an chruth ceannann céanna a dhéanamh.</p> <div data-bbox="884 770 1086 943" style="text-align: center;"> </div>
<p>slánú</p>	<p>Tagraíonn sé seo don phróiseas a bhaineann le garluach a thabhairt ar fhreagra chuig leibhéal cruinnis ar leith; féadfar é a dhéanamh ag slánú suas nó síos.</p> <p>Sampla: slánaítear €25.37 suas chuig an deich cent is gaire agus is é sin €25.40, déantar €24.14 a shlánú síos chuig an deich cent is gaire agus is é sin €24.10.</p>
<p>slánuimhreacha</p>	<p>Is slánuimhreacha, móide agus lúide, lena n-áirítear náid iad sin. Léirítear an tacar slánuimhreacha leis an litir 'Z'.</p> <p>Samplaí: is slánuimhreacha iad -12, -6, 8, 0, 257, -4398.</p>
<p>slánuimhreacha (uimhir iomlán)</p>	<p>Tagraíonn siad seo d'uimhreacha aiceanta (N) uaireanta, ach déantar cur síos níos fearr orthu mar na slánuimhreacha (Z).</p> <p>-5, -3, 0, 17, 213, 488</p>
<p>slios</p>	<p>Is é seo an t-imeall díreach ar chruth déthoiseach iata.</p> <div data-bbox="863 1659 1114 1823" style="text-align: center;"> </div>
<p>sonraí</p>	<p>Is faisnéis é seo. Is éard is láimhseáil sonraí ann ceistiú, bailiú faisnéise, sonraí a anailísiú, a thaifead nó a chur in iúl ar bhealach físiúil ag úsáid graf nó tábla éigin.</p> <p>Sampla: Féach: blocghraf, barrachairt, barraghráf líneach, pictéagram.</p>

<p>sorcóir</p>	<p>Is cruth tríthoiseach é seo ar a bhfuil dhá bharr chiorclacha atá díreach cosúil lena chéile agus iad ceangailte le dromchla cuartha leanúnach amháin.</p> <div style="text-align: center;">  </div>										
<p>straitéis braislithe</p>	<p>Is modh meastacháin é seo atá oiriúnach do ghrúpaí uimhreacha a 'bhraislíonn' (is é sin, a bhailíonn) timpeall ar luach coiteann.</p> <p>Sampla: Líon na ndaoine a tháinig chuig ár gceolchoirm</p> <table border="1" data-bbox="529 786 1353 891"> <thead> <tr> <th>Dé Luain</th> <th>Dé Máirt</th> <th>Dé Céadaoin</th> <th>Déardaoin</th> <th>Dé hAoine</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>425</td> <td>506</td> <td>498</td> <td>468</td> <td>600</td> </tr> </tbody> </table> <p>Ba é 500 duine an meánlíon a d'fhreastail ar an imeacht gach oíche. $500 \times 5 \text{ oíche} = 2,500$</p>	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	425	506	498	468	600
Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine							
425	506	498	468	600							
<p>straitéis tosaigh</p>	<p>Is cineál meastacháin é seo a bhfuil an feidhmiú is tábhachtaí leis sa suimiú. Is iad na digití is mó ar chlé (na digití tosaigh) na cinn is tábhachtaí chun meastachán tosaigh a dhéanamh, agus féadfar iad a úsáid leo féin chun na luathchéimeanna a bhaineann le gamheastachán a dhéanamh.</p> <p>Sampla: $€1.54 + €6.35 + €0.99 + €2.51 = €1 + €6 + €2 = €9$</p> <p>Tá 54c + 35c cothrom le €1 a bheag nó a mhór, tá 99c beagnach cothrom le €1 agus tá 51c beagnach cothrom le 50c. Is é €11.50 an meastachán foriomlán (€9 + meastachán cent €2.50)</p>										
<p>stuaic</p>	<p>Is é seo an pointe nó rinn ar chruth 3T nó an áit a mbuaileann dhá chruth lena chéile.</p> <div style="text-align: center;">  </div>										
<p>suirbhé</p>	<p>Is modh é seo le sonraí a bhailiú trí cheisteanna a chur ar dhaonra nó ar shampla de dhaonra.</p>										
<p>tacar</p>	<p>Is bailiúchán soiléir rudaí é seo. Sainítear go cruinn é.</p> <p>Sampla: $S = \{\text{madra, cat, eilifint, sioráf}\}$</p>										
<p>tacar neamhnitheach</p>	<p>Is tacar é seo nach bhfuil aon bhall ann.</p>										

	<p>Sampla: $T = \{\text{Líon na nÉireannach atá 5 m ar airde}\}$. $T = \{\}$ Taispeántar thíos na siombailí a úsáidtear chun tacar neamhnitheach a chur in iúl.</p>
tangram	<p>Is puzal Síneach é seo a mbíonn seacht gcruith gheoiméadracha shimplí ann: 2 thriantán mhóra, 1 mheántriantán, 2 thriantán bheaga, 1 chearnóg agus 1 chomhthreomharán. Is féidir iad a leagan amach ar bhealaí difriúla chun cruthanna difriúla a dhéanamh.</p> 
teisilid	<p>Is cruthanna iad seo a théann díreach le chéile, chun patrún leantach a chruthú agus uillinn 360° a dhéanamh ag na pointí teagmhála.</p> 
tobmheas	<p>Tagraíonn sé seo don phróiseas nuair atáthar in ann líon na n-earraí i dtacar a dhéanamh amach ach sracfhéachaint a thabhair air gan iad a chomhaireamh.</p> 
toilleadh	<p>Is é seo toirt inmheánach coimeádáin nó, i bhfocail eile, an méid is féidir a chur i gcoimeádán.</p> <p>Sampla: Tá toilleadh buicéid cothrom le fiche lítear, is é sin le rá go dtógann sé fiche lítear an buicéad a líonadh.</p>
toirt	<p>Is é seo an méid spáis a ghlacann rud $3T$.</p> 
toradh	<p>Is é seo toradh turgnaimh.</p> <p>Sampla: Caith díse mar thurgnamh agus is é an toradh a bheidh agat uimhir idir 1 agus 6.</p>
toradh	<p>Is é seo an freagra a fhaightear nuair a iolraítear dhá uimhir faoina chéile.</p>

	Sampla: $21 \times 8 = 168$
traipéisiam	<p>Is cruth ceathairshleasach é seo a mbíonn dhá shlios comhthreomhar lena chéile.</p> 
trastomhas	<p>Is corda trí lár ciorcail é seo. Bíonn sé dhá oiread chomh fada le ga an ciorcail.</p> 
triantán	<p>Is cruth é seo a mbíonn trí shlios air.</p> <p>Sampla: Bíonn 3 shlios atá ar comhfhad ar thriantán comhshleasach; bíonn 2 shlios atá ar comhfhad ar thriantán comhchosach; agus ní bhíonn aon sleasa ar comhfhad ar thriantán corrshleasach.</p>
triantán corrshleasach	<p>Is triantán é seo a bhfuil na trí shlios ar fad difriúil, agus, dá bharr sin, a bhfuil na trí uillinn ar mhéideanna difriúla freisin.</p> 
tuairimíocht	<p>Is ráiteas neamhchruthaithe í seo a ndealraítear go bhfuil sí fíor ach nár deimhníodh má tá sí fíor nó bréagach go fóill.</p> <p>Sampla: Níl a leithéid de rud ann agus an uimhir phríomha is mó.</p>
turgnamh	<p>Is gníomhaíocht é seo ina mbailítear agus ina dtaifeadtar faisnéis/sonraí (tugtar torthaí an turgnaimh ar an taifead sin go minic).</p> <p>Sampla: péire díslí a chaitheamh agus taifead a dhéanamh ar an iomlán.</p>
uillinn	<p>Cruthaítear uillinn nuair a bhuaileann dhá mhírlíne ag pointe áirithe (stuaic), nó nuair a thrasnaíonn dhá líne a chéile. Úsáidtear céimeanna chun uillinneacha a thomhas agus d'fhéadfadh uillinn a bheith ina géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn nó uillinn athfhillteach.</p>

	
uillinn athfillteach	<p>Is uillinn í seo atá níos mó ná 180° ach níos lú ná 360° (féach: uillinn)</p> 
uillinntomhas	<p>Is uirlis gheoiméadrach é seo a úsáidtear chun uillinneacha a thomhas.</p> 
uimhir chearnach	<p>Tagraíonn sé seo d'uimhir atá iolraithe faoin uimhir féin.</p> 
uimhir dhronuilleogach	<p>Féadfar iad a aimsiú ag úsáid na bponcanna aonaid chun triantáin a dhéanamh nó le toradh uimhreacha aiceanta leantacha.</p> 
uimhir ilchodach	<p>Is uimhir í seo a bhfuil níos mó ná dhá fhachtóir aici.</p> <p>Sampla: 6, 12, 51, 65</p>
uimhir phríomha	<p>Is uimhir í seo nach bhfuil ach dhá fhachtóir aici, an uimhir féin agus 1.</p> <p>Samplaí: 2, 3, 5, 7, 11, 13, 17, 19, 23, 29, ...</p>
uimhirabairt	<p>Is cothromóid nó ráiteas éagothroime é seo.</p> <p>Samplaí: $4 - x = 11$, $4 \times 2 < 12$ nó $2 + 5 = 7$</p>

uimhirlíne	<p>Is líne dhíreach í seo ar a mbíonn pointí a sheasann d'uimhreacha, ag cur béim go háirithe ar ord na n-uimhreacha agus a suíomh i gcomparáid lena chéile.</p> 
uimhirlíne fholamh	<p>Is uimhirlíne gan scála í seo, úsáidtear í chun tacú le suimiú agus dealuithe meabhracha agus neamhfhoirmiúla.</p> 
uimhreacha aiceanta	<p>An tacar comhairimh uimhreacha a thosaíonn ag 1. Cuirtear iad in iúl leis an litir 'N'.</p> <p>Sampla: $N = \{1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, \dots\}$</p>
uimhreacha cairdiúla	<p>Dhá uimhir atá ceangailte ar bhealach a dhéanann an t-áireamh níos éasca.</p> <p>Sampla: $457 - 257$</p>
uimhreacha cóimheasta	<p>Is tacar uimhreacha é seo ina bhfuil slánuimhreacha, uimhreacha diúltacha, náid, codáin agus deachúlacha. Cuirtear iad in iúl leis an litir 'Q'.</p> <p>Samplaí: $-97, 128, 0, 73, -1912, 0.529, -17.64$</p>
uimhreacha measctha	<p>Tugtar an téarma seo ar uimhir a scríobhtar mar shlánuimhir le codán.</p> $2 \frac{4}{5}$
uimhreoir	<p>Is é seo an uimhir os cionn na líne i gcodán.</p> 